

Teagmhálacha

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Éire

Andy Way, Comhordaitheoir Tionscadail
andy.way@adaptcentre.ie

Iconic Translation Machines
Éire

Dana D. Sheridan
dana@iconictranslation.com

Dámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta
Ollscoil Ságrab
An Chróit

Petra Bago
pbago@ffzg.hr

Ollscoil na hÍoslainne
An Íoslainn

Gauti Kristmannsson
gautikri@hi.is

Leabharlann Náisiúnta na hIorua
An Iorua

Jon Arild Olsen
jon.olsen@nb.no



PRINCIPLE



Arna chómhaoiniú ag an tSaoráid um Chónascadh
na hEorpa de chuid an Aontais Eorpaigh

Leagan Amach an Tionscadail

Is é príomhaidhm PRINCIPLE (Providing Resources in Irish, Norwegian, Croatian and Icelandic for Purposes of Language Engineering) ná acmhainní i gcomhair innealtóireacht teanga a chur ar fáil sa Ghaeilge, san Ioruais, sa Chróitis agus san Íoslainnis. Cuibhreannas cúig bhall ar leith a chuireann an tionscadal i bhfeidhm:

- Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (Comhordaitheoir Tionscadail)
- Ollscoil na hÍoslainne
- Dámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta, Ollscoil Ságrab
- Leabharlann Náisiúnta na hIoruais
- Iconic Translation Machines

Tionscadal dhá bhliain arna maoiniú ag an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (CEF) (Gníomh 2018-EU-IA-0050, Comhaontú Deontais INEA/CEF/ICT/A2018/1761837) is ea PRINCIPLE. An príomhaidhm atá leis ná Acmhainní Teanga (AT) d'ardchaighdeán a aithint, a bhailiú agus a phróiseáil i gcás ceithre chinn de theangacha Eorpacha atá ar easpa acmhainní:

- An Chróitis
- An Íoslainnis
- An Ghaeilge
- An Ioruais (Bocmál agus an Nua-Ioruais)

Cruthóidh PRINCIPLE na hAT saineagraithe ar ardchaighdeán seo chun cur le caighdeán na n-aistriúchán sna Bonneagair Seirbhísí Digiteacha ag r-Cheartas agus r-Sholáthair trí chórais mheaisínáistriúcháin réimse dhíríthe (innill *eTranslation* de chuid CEF) tríd an bpróiseas seo a leanas:

- Tá comhlachtaí náisiúnta agus páirtithe leasmhara áirithe sa Chróitis, san Íoslainnis, san Ioruais agus in Éirinn tar éis toiliú AT a chur ar fáil do chuibhreannas PRINCIPLE mar 'ghlacadóirí luatha'
- Forbróidh Iconic Translation Machines innill mheaisínáistriúcháin néarach ó na hAT atá deonaithe chun caighdeán na n-acmhainní a dheimhniú.
- Cuirfear córais mheaisínáistriúcháin ar fáil do na 'glacadóirí luatha' fad a mhaireann an tionscadal chun caighdeán a dheimhniú i gcásanna fíorúsáide agus chun aiseolas a thiomsú.
- Cuirfear AT ar fáil ansin d'innill *eTranslation* CEF tríd an tairseach ELRC-SHARE.

Thosaigh an tionscadal i Meán Fómhair 2019 agus críochnóidh sé i mí Lúnasa 2021.

Achoimre ar an Tionscadal

- Bailítear Acmhainní Teanga (AT) ó shealbhóirí sonraí agus ó 'ghlacadóirí luatha' ó gach ceann den 4 tír atá páirteach (sna sainréimsí r-Cheartas agus r-Sholáthair)
- Cruthaítear córais mheaisínáistriúcháin ó na hAT seo agus déantar iad a mheas chun aschur ar ardchaighdeán a chinntiú
- Cuirtear na córais mheaisínáistriúcháin ar fáil saor in aisce do 'ghlacadóirí luatha' fad a mhaireann an tionscadal
- Úsáideann na 'glacadóirí luatha' na córais mheaisínáistriúcháin agus tugann aiseolas
- Bunaithe ar an measúnú atá déanta ar aschur an mheaisínáistriúcháin agus ar an aiseolas atá faighte ó na glacadóirí luatha, déantar AT ar ardchaighdeán a aithint
- Déantar AT comhthreomhara ar ardchaighdeán a uaslódáil go dtí an tairseach ELRC-SHARE chun feabhas a chur leis an gcóras uathaistriúcháin *eTranslation*.

Beidh na sé phríomhghníomh seo a leanas ar bun in PRINCIPLE agus iad ag teacht i bhfeidhm i gcéimeanna ar leith i rith an tionscadail.

Gníomh 1: Cur i bhfeidhm an Tionscadail

Gníomh 2: Anailís chásúsáide, Riachtanais Sonraí agus Réiteach Sonraí

Gníomh 3: Forbairt, measúnú agus imlonnú na gcóras meaisínáistriúcháin

Gníomh 4: Aithint, Bailiú agus Comhdhlúthú na nAcmhainní Teanga

Gníomh 5: Saothrú agus Inbhuanaitheacht

Gníomh 6: Forleathadh

Sceideal an Tionscadail

Tús Meán Fómhair 2019

2019

Cruinniú tosaithe

Plean glactha maidir le cur i bhfeidhm an tionscadail
Cásúsáideanna, riachtanais sonraí agus réiteach sonraí

2020

Anailís agus ailtireacht na gcóras meaisínáistriúcháin

Céim 1 den dearbhú cáilíochta ar na sonraí (bunchórais mheaisínáistriúcháin)

Plean trialach samhail an ELRI NRS a leathnú amach go dtí tíortha comhpháirteacha

2021

Céim 2 den dearbhú cáilíochta ar shonraí (córais mheaisínáistriúcháin sa bhreis)

Dearbhú go bhfuil tacar sonraí na nAT oiriúnach agus foilsithe ar ELRC-SHARE

Seoladh déanta ar an tionscadal áitiúil i ngach tír

Measúnú iomlán déanta ar an 4 theanga

Críoch Lúnasa 2021

@principle_proj



PRINCIPLE Project



www.principleproject.eu

